Comhairle an
Aontais Eorpaigh

An Bhruiséil, 9 Meán Fómhair 2022
(OR. en)

11993/22

**Comhad Idirinstitiúideach:**
**2022/0238(NLE)**

ECOFIN 829
FIN 887
UEM 213

**NÓTA MAIDIR LE MÍR "I/A"**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| chuig: | Coiste na mBuanionadaithe (Cuid 2)/an Chomhairle |
| Ábhar: | CINNEADH CUR CHUN FEIDHME ÓN gCOMHAIRLE lena leasaítear Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2020/1343 lena ndeonaítear tacaíocht shealadach faoi Rialachán (AE) 2020/672 do Phoblacht na Bulgáire chun rioscaí dífhostaíochta a mhaolú i gcás na héigeandála ag eascairt as ráig COVID-19<br>– Glacadh |

1. Le Rialachán (AE) 2020/672 ón gComhairle an 19 Bealtaine 2020 maidir le bunú ionstraime Eorpaí le haghaidh tacaíocht shealadach chun rioscaí dífhostaíochta a mhaolú i gcás éigeandála (SURE) ag eascairt as ráig COVID-19[1] ('Rialachán SURE' anseo feasta) leagtar síos an creat lena gcuirfear ar chumas an Aontais cúnamh airgeadais a chur ar fáil do Bhallstáit atá faoi shuaitheadh eacnamaíoch tromchúiseach nó a bhfuil dianbhagairt orthu de bharr ráig COVID-19, go príomha maidir le scéimeanna oibre gearr-ama a mhaoiniú nó bearta comhchosúla atá dírithe ar fhostaithe agus daoine féinfhostaithe agus, mar chuid choimhdeach, roinnt beart a bhaineann leis an tsláinte a chosaint.

2. I gcomhréir le hAirteagal 6(1) de Rialachán SURE, táthar le cúnamh airgeadais a chur ar fáil trí bhíthin cinneadh cur chun feidhme ón gComhairle arna ghlacadh ar bhonn togra ón gCoimisiún.

3. Tugadh tacaíocht shealadach don Bulgáir faoi Rialachán SURE le Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2020/1343 ón gComhairle an 25 Meán Fómhair 2020[2].

[1] IO L 159, 20.5.2020, lgh. 1-7
[2] IO L 314, 29.9.2020, lgh. 10-12

4. Tar éis iarraidh ar chúnamh airgeadais breise faoi Rialachán SURE a fháil ón mBulgáir an 23 Bealtaine 2022, thíolaic an Coimisiún, an 25 Lúnasa 2022, togra le haghaidh Cinneadh Cur Chun Feidhme ón gComhairle lena leasaítear Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2020/1343 lena ndeonaítear tacaíocht shealadach faoi Rialachán SURE do Phoblacht na Bulgáire (11933/22).

4. Rinneadh an togra thuasluaite a scrúdú ag Meitheal na gComhairleoirí Airgeadais an 5 Meán Fómhair 2022 agus rinne saineolaithe dlí agus teanga athbhreithniú air ina dhiaidh sin.

5. Is féidir a mheas anois go bhfuil an obair ullmhúcháin theicniúil críochnaithe, agus féadfar dréacht-téacs an Chinnidh Cur Chun Feidhme ón gComhairle a chur faoi bhráid na Comhairle lena ghlacadh go foirmiúil.

6. Ba cheart a thabhairt faoi deara, i gcomhréir leis an tríú fomhír d'Airteagal 297(2) CFAE agus le hAirteagal 18(1) de Rialacha Nós Imeachta na Comhairle, go bhfuil an cinneadh seo ón gComhairle, a luaithe a ghlacfar é, le cur in iúl don Bhallstát a bhfuil sé dírithe chuige, ag Ardrúnaí na Comhairle nó ag Ard-Stiúrthóir atá ag gníomhú thar a cheann.

7. De bhun Airteagal 122(2) CFAE, ba cheart d'Uachtarán na Comhairle Parlaimint na hEorpa a chur ar an eolas faoin gcinneadh cur chun feidhme seo ón gComhairle.

8. I bhfianaise an mhéid thuas, iarrtar ar Choiste na mBuanionadaithe a dhearbhú go n-aontaíonn sé leis an téacs agus a mholadh go nglacfaidh an Chomhairle, mar mhír 'A' ar chlár oibre ceann de na cruinnithe a bheidh ann amach anseo, an Cinneadh Cur Chun Feidhme ón gComhairle lena leasaítear Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2020/1343 lena ndeonaítear tacaíocht shealadach faoi Rialachán (AE) 2020/672 do Phoblacht na Bulgáire chun rioscaí dífhostaíochta a mhaolú i gcás éigeandála ag eascairt as ráig COVID-19, mar a leagtar amach in 11991/22, arna athbhreithniú ag na saineolaithe dlí agus teanga.